CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1298 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Iúil 2022

maidir le coibhéis na gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta údaráis inniúla Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 5118)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(2), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1155 ón gCoimisiún ([2]), chinn an Coimisiún go measfar, chun críocha Airteagal 46(1) de Threoir 2006/43/CE, go bhfuil na córais formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionóis le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta údaráis inniúla Stáit Aontaithe Mheiriceá, eadhon an Securities and Exchange Commission agus an Public Company Accounting Oversight Board, i gcomhréir le ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagail 29, 30 agus 32 den Treoir sin. Scoirfidh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1155 d'fheidhm a bheith aige an 31 Iúil 2022. Dá bhrí sin, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar choibhéis na gcóras sin.

(2) I gcás cuideachta atá corpraithe sna Stáit Aontaithe agus a ligtear a cuid urrús inaistrithe isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte Ballstáit, ach nach ligtear isteach iad chun a dtrádála sna Stáit Aontaithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh gach ceann de na cúraimí iniúchóireachta a bhaineann le ráitis airgeadais na gcuideachtaí sin faoi réir a gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós. I gcás ina bhfuil na cuideachtaí sin liostaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann oibriú i gcomhar chun a áirithiú go n-áireofar an cúram iniúchóireachta i raon feidhme ceann amháin dá gcórais formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós. Leis na socruithe sin, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit socruithe comhair maidir le hathbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta a bhunú idir a n-údaráis inniúla agus údaráis inniúla na Stát Aontaithe.

(3) Aon chonclúid maidir le coibhéis na gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta agus imscrúdúcháin agus pionós de thríú tír de bhun Airteagal 46(2) de Threoir 2006/43/CE, ní thagann sí roimh aon chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh maidir le leordhóthanacht na gceanglas a chomhlíonann údaráis inniúla an tríú tír sin de bhun Airteagal 47(3), an chéad fhomhír, den Treoir sin.

(4) Is é cuspóir deiridh an chomhair idir údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na Stát Aontaithe i réimse na gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós le haghaidh iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta, spleáchas frithpháirteach ar chórais formhaoirseachta a chéile a bhaint amach bunaithe ar a gcoibhéis.

([1]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 87.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1155 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 maidir le coibhéis na gcóras formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionóis le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 190, 15.7.2016, lch. 80).

(5) De bhun Acht Sarbanes-Oxley 2002 ([3]), i Stáit Aontaithe Mheiriceá, formheasann an Public Company Accounting Oversight Board clárú iniúchóirí seachtracha agus gnólachtaí iniúchóireachta seachtracha agus déanann sé cigireacht ar iniúchtaí agus ar chórais rialaithe cáilíochta gnólachtaí cláraithe. Tá an inniúlacht ag an Securities and Exchange Commission formhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Public Company Accounting Oversight Board. Is iad an Securities and Exchange Commission agus an Public Accounting Oversight Board atá freagrach as caighdeáin iniúchóireachta a ghlacadh agus as imscrúdú a dhéanamh ar ghnólachtaí cuntasaíochta poiblí cláraithe agus ar a ndaoine comhlachaithe, mar aon le smachtbhannaí a chur orthu, i leith sáruithe ar rialacha sonraithe nó ar chaighdeáin ghairmiúla.

(6) Rinne Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta athmheasúnú, i gcomhréir le hAirteagal 30(7), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ar na córais formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionóis le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta sna Stáit Aontaithe, bunaithe ar Acht Sarbanes-Oxley 2002, córais nár tháinig athrú bunúsach orthu ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1155. Agus an measúnú teicniúil sin á chur san áireamh, leanann na córais formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta de chuid an Securities and Exchange Commission agus an Public Company Accounting Oversight Board de bheith i gcomhréir le ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagail 29, 30 agus 32 de Threoir 2006/43/CE.

(7) Tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1155, d'eagraigh údaráis inniúla roinnt Ballstát agus údaráis inniúla na Stát Aontaithe cigireachtaí comhpháirteacha. Chuir roinnt údarás inniúil de chuid na mBallstát spleáchas páirteach chun feidhme, lena n-áirítear trí chigireachtaí rialaithe cáilíochta a dhéanamh ar a bhfuil spleáchas áirithe curtha ag an Public Company Accounting Oversight Board, agus trí roinnt réimsí fócais de chigireachtaí comhad a roinnt eatarthu. Ar mhaithe le feidhmiú na margaí caipitil, tá sé tábhachtach go mbeidh údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na Stát Aontaithe in ann leanúint den dea-chomhar tar éis an 31 Iúil 2022 agus é mar chuspóir acu spleáchas frithpháirteach ar chórais formhaoirseachta a chéile a bhaint amach. Mar sin féin, in éagmais spleáchas iomlán, ós rud é go bhfuil an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 46 de Threoir 2006/43/CE bunaithe ar phrionsabal na cómhalartachta, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse theoranta ama.

(8) D'ainneoin na teorann ama, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó Choiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta, faireachán go tráthrialta ar na forbairtí sa mhargadh, ar éabhlóid na gcreataí maoirseachta agus rialála agus ar éifeachtacht agus ar eispéireas an chomhair maoirseachta, lena n-áirítear an dul chun cinn i dtreo spleáchas frithpháirteach ar chórais formhaoirseachta a chéile a bhaint amach. Go háirithe, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh ar an gCinneadh seo tráth ar bith roimh dheireadh a thréimhse cur i bhfeidhm i gcás inar gá athmheasúnú a dhéanamh, i bhfianaise forbairtí ábhartha, ar an gcoibhéis arna deonú leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh aisghairm an Chinnidh seo teacht as an athmheasúnú sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 48(1) de Threoir 2006/43/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 46(1) de Threoir 2006/43/CE, measfar go bhfuil na córais formhaoirseachta poiblí, dearbhaithe cáilíochta, imscrúdúcháin agus pionós le haghaidh iniúchóirí agus eintitis iniúchóireachta Securities and Exchange Commission Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Public Company Accounting Oversight Board Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcomhréir le ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagail 29, 30 agus 32 den Treoir sin.

([3]) Public Law 107–204, an 30 Iúil 2002, 116 Stat 745.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO L 158, 27.5.2014, lch. 77).

Airteagal 2

Beidh Airteagal 1 gan dochar do shocruithe comhair maidir le hathbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta aonair idir údaráis inniúla Ballstáit agus údaráis inniúla Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2028.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Mairead MCGUINNESS
Comhalta den Choimisiún